

Éisd rem fhuighlibh, a Athair

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluid Dána*, Dublin, 1938, poem 25]

Eoghan Mac Craith .cc.

1 Éisd rem fhuighlibh, a Athair,
cuir inn tar eol mearachaidh;
suil leanas sé an chalann chuil
go mbé an t-anam ar th'ionchaibh.

2 A Athair an Mheic mhuirnich,
iarraim ort an athchuinghidh
mar theagh i n-anáir t'oidhre
neamh d'fhagháil dar n-anaim-ne.

3 A Athair Críosa cumhdaigh mé,
as do láim ná léig sinne,
's a Mheic do-chuaidh tar ar gceann
do ghleic i n-uaigh 's i nlfearn.

4 Ná léig sinn tar an slighidh,
libh-se is éidir m'fhóiridhin;
dá n-agra coir 'n-ar gcoinne
tagra ní fhoil agoinn-ne.

5 [Athair Mac is Spiorad Naomh]
Tríonóid is trí deighphearsain,
is creideamh dhóibh mar dhleaghair
creideamh dar chóir creideamhain

6 Gach pearsa ar leith 'n-a Dhia dhíbh
's 'n-a rígh ard ós gach éinrígh
triur as lia iul is aithne
's an triur 'n-a Dhia dhearsgnaighthe.

7 Is Éindia an t-Athair neamhdha
's an Mac d'fhiodhbhaidh fhíneamhna
mór n-ionad [.]
's an Spiorad neartmhar neamhdha

8 Ionann iad d'aois is d'fhoghluid
triur fhóireas gach aondoghruinn;
ionann iul dóibh a-dearair
an triur dan cóir creideamhain.

9 Ionnta féin fuaradar sain
bheith ó thús 'n-a dtrí tamhnaibh
triur as lia ó bhfoighbhte fios

[’n-a] Dhia fhoirbhthe gan fhoilchios.

10 Ní mé do thuill teacht ón tigh
ó dtugsad inn ar éigin,
achd feartha an té do threoruigh
mé ón eachtra aineolaigh.

11 Créad as tús ná as deireadh dháibh
ní héidir a fhios d’fhagháil,
gidh iad féin a bhfréamha sain,
a sgéala go léir dá leantair.

12 Sé féin is fréamh don Athair
’s don Mhac rí gan fhréamhfhachain;
don Spiorad Naomh iad mar-aon,
is iad a-raon ’n-a ríoghnaomh.

13 Ag so a-mháin maitheas an cheirt
trí pearsain aoinDia oirrdheirc
an tí ó dtoilltear gach teisd
rí ó sloinntear gach saoiceisd.

14 Agaill, a ógh, t’oidhre féin;
dom breith-se don bhruigh shoiléir
ón mbuidhin i mbí an phéisd
guidhidh an rí agus ro-éisd. Eisd.